



2026/739

31.3.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/739 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Márta 2026

lena gcuilghairtear an t-údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419, nó atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2134

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 1997)

(Is é an téacs Ollainnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2134 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419, nó atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh. San údarú cumhdaítear freisin táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419, nó atá comhdhéanta de, a chur ar an margadh le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú.
- (2) Le litir dar dáta an 18 Meitheamh 2025, d'iarr Bayer Agriculture BV, atá lonnaithe sa Bheilg agus a dhéanann ionadaíocht ar Bayer CropScience LP, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, go ndéanfaí údarú arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419 a chúlghairm. Chuir sealbhóir an údaraíthe in iúl nár saothraíodh riamh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419 in aon tír ina bhféadfaí saothrú a dhéanamh, agus, ar an gcaoi sin, nach bhfuil sé beartaithe aige arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419 a thráchtáil ná táirgí a thabhairt isteach ina bhfuil sé, atá comhdhéanta de ná a tháirgtear as sa todhchaí.
- (3) I litir dar dáta an 19 Eanáir 2026, chuir Bayer Agriculture B.V., atá lonnaithe sa Bheilg, an Coimisiún ar an eolas gur athraigh Bayer CropScience LP a fhoirm dhlíthiúil agus gur athraigh sé a ainm go Bayer CropScience LLC ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2134 a aisghairm agus ba cheart údarú arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419 a chúlghairm.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cúlghairm an údaraíthe

Údarú táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419, nó atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, déantar an t-údarú sin a chúlghairm.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1829/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2134 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2023 lena n-údaraítear táirgí ar táirgí iad ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87419, nó atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2134, 17.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2134/oj).

*Airteagal 2***Aisghairm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2134**

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2134.

*Airteagal 3***Seolaí**

Is chuig Bayer CropScience LLC, 800 N. Lindbergh Boulevard, St. Louis, Missouri 63167, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture BV, Scheldelaan 460, 2040 Antuairp, an Bheilg, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún
